

Aidhm 3: Sáruithe Braite ar Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

Réamhrá

Sa rannán den Tuarascáil a chuaigh roimhe seo, rinneadh tagairt don iarratas rathúil a cuireadh chuig an Ard-Chúirt go gceapfaí Cigire chun roinnt chuideachtaí a imscrúdú. Sa rannán seo, pléifear na himeachtaí dlí a tionscnaíodh i réimse an fhorfheidhmithe mar ar tharla roinnt rudaí tábhachtacha i 2008. Áirítear orthu siúd:

- an chéad uair riamh a ciontaíodh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach de shárú ar na srianta dlíthiúla maidir le hiasachtaí a thairiscint do stiúrthóirí. Chuir an Chúirt lena mbaineann pionóis shuntasacha ar dhaoine sa chás seo;
- an chéad chás riamh inar cuireadh pianbhreith choimeáda ar stiúrthóir cuideachta agus nár chuir an Chúirt an phianbhreith sin ar fionraí. Ach tá achomharc déanta ag an stiúrthóir in aghaidh an chiontaithe agus in aghaidh na pianbhreithe;
- léiriúchán úsáideach na Cúirte Uachtaraí ar an bhfrása “*persistently in default*” in Alt 160(2)(f) d’Acht na bliana 1990.

Pléitear a lán de na cásanna seo go mion níos faide ar aghaidh sa Tuarascáil seo.

Imeachtaí Dlí

Í 2008 baineadh amach 32 chiontú de bharr obair an OSFC, dícháilíodh 20 duine agus cuireadh srianadh ar dhuine amháin as dualgais agus oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a shárú. Sa tábla thíos cuirtear ar fáil na sonraí comhfhreagracha i 2007.

Líon/Cineál na dTorthaí Forfheidhmithe Rathúla	2007	2008
Cúisimh ar ar ciontaíodh daoine	28	32
Cúisimh curtha san áireamh ar ciontú	16	1
Cúisimh a mheastar a bheith cruthaithe (Acht um Promhadh Ciontóirí 1907)	5	-
Orduithe dícháilithe	14	20
Orduithe a rinneadh in imeachtaí géilliúntais	2	-
Sriantaí	-	1
Cinntí eile	3	1
Iomlán	68	55

Bhí an Oifig páirteach i thart ar 52 imeacht dlí; bhí 27 díobh ar siúl sa Chúirt Uachtarach nó san Ard-Chúirt, 24 sa Chúirt

Dúiche agus ceann amháin sa Chúirt Choiriúil Chuarda. Is léir ón bhforléargas ar stádas agus ar thoradh na gcásanna seo in **Aguisín 3.1** gur éirigh leis an Oifig sna himeachtaí go ginearálta.

In **Aguisín 3.2** tá mion cur síos ar chineál na n-imeachtaí sibhialta agus coiriúla a tháinig chun cinn sna Cúirteanna éagsúla maille le achoimre ar thorthaí na gcásanna lena mbaineann.

In **Aguisín 3.3** tá sonraí na bpáirtithe ar chinn an Chúirt ábhartha gur sháraigh siad a ndualgais agus a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí, maille leis na ciontaí agus leis na pionóis ábhartha. I gcomhréir le cleachtas OSFC, cuireadh achoimre ar gach cás ar an suíomh idirlín www.odce.ie i gcaitheamh na bliana 2008.

Caingne Forfheidhmithe Sibhialta

Baineadh amach 20 ordú dícháilithe agus ordú srianta amháin i 2008 agus ba de thoradh caingne forfheidhmithe sibhialta ach cúig cinn de na horduithe dícháilithe sin. Seo a leanas sonraí na n-imeachtaí sibhialta:

- dhícháiligh an Ard-Chúirt dháréag ar feadh tréimhsí ó cheathair go seacht mbliana i ndáil le stiúrthóirí ar baineadh a gcuideachtaí de chlár na cuideachta mar gheall ar loiceadh tuairisceán bliantúil a chlárú ag an am cuí agus ar chlis orthu a thaispeáint don Ard-Chúirt nach raibh dliteanais fós amuigh ag na cuideachtaí lena mbaineann. Tharla freisin nach raibh an Chúirt toilteanach duine amháin ar thionscain OSFC imeachtaí ina choinne a dhícháiliú. Ina bhformhór de na cásanna seo ba stiúrthóirí ar an iliomad cuideachtaí dócmhainneacha a bhí bainte den chlár na daoine a dícháilíodh. Cuireadh achomharc chuig an gCúirt Uachtarach maidir le dhá cheann de na horduithe dícháilithe seo;
- cuireadh ordú srianta ar feadh cúig bliana ar stiúrthóir a bhí bainteach le trí chuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí;
- dícháilíodh san Ard-Chúirt freisin triúr dhuine aonair ar feadh sé, ceathair agus trí bliana faoi seach mar iarmhairt ar iarratais de chuid OSFC a bhí bunaithe ar na cinntí diúltacha i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte ar National Irish Bank Ltd (NIB) agus National Irish Bank Financial Services Ltd (NIBFS). Bhac an Chúirt na horduithe dícháilithe seo ar bhonn coinníollacha áirithe go dtí go bhfaighfí toradh na n-achomharc a taisceadh ó shin i leith sa Chúirt Uachtarach. Níor éirigh le OSFC in iarratas dícháilithe a tionscnaíodh i ndáil leis an gceathrú duine sa chás agus is ábhar achomhairc an cinneadh sin faoi láthair.

Chlis ar an Oifig toradh dearfach a bhaint amach in aon sraith imeachtaí dícháilithe amháin anuraidh ach d'éirigh léi sna cinn eile. Sa chás seo áfach mar a chuirtear in iúl sa Réamhrá thuas rinneadh léiriúchán úsáideach sa Chúirt Uachtarach ar an bhfrása “*persistently in default*” in Alt 160(2)(f) d'Acht na bliana 1990. Féach **Léiriú 3.4.1** thíos mar a bhfuil achoimre ar an gcás seo.

Bhí thart ar sé imeacht déag a thionscain OSFC fós os comhair na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí ag deireadh na bliana. Bhain ocht gcinn de na cásanna seo le himeachtaí a d'eascair as Tuarascáil NIB/NIBFS agus bhain sé cinn eile díobh le stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha ar baineadh de Chlár na gCuideachta iad toisc gur theip orthu tuairisceán bliantúil a chlárú. Baineann an dá cás atá fágtha le cineálacha caingne dícháilithe eile a bhfuiltear fós ag fanacht ar thoradh achomhairc a rinneadh ina leith.

Caingne Forfheidhmithe Coiriúla

Déantar tagairt sa Réamhrá thuas do dhá chás suntasacha choiriúla; bhain ceann acu le stiúrthóir cuideachta ar cuireadh pianbhreith choimeáda air ach nár chuir an Chúirt an phianbhreith ar fionraí. Cuireadh an pionós seo ar an duine de bhrí gur ghníomhaigh sé mar stiúrthóir cuideachta le linn na tréimhse dícháilithe. Tá achomharc déanta ó shin i leith ag an duine atá i gceist maidir lena chiontú agus maidir leis na pionóis a bhain leis an gciontú ar a n-áirítear fineáil de €1,500 agus tréimhse dícháilithe bhreise ar feadh cúig bliana.

Bhain an dara cás suntasach le stiúrthóir cuideachta agus ba é an chéad uair riamh a ciontaíodh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach de shárú ar na srianta dlíthiúla maidir le hiasachtaí a thairiscint do stiúrthóirí. Tá na saincheisteanna maidir leis an gcás seo i **Léiriú 3.3.1** thíos.

I 2008 tugadh chun críche imeachtaí forfheidhmithe coiriúla eile a bhain leis na cionta a leanas:

- gníomhú mar stiúrthóir le linn bheith srianta agus a bheith ag sárú na coinníollacha reachtúla a bhaineann le caipitliú cuideachta. D'ionchúisigh OSFC trí chás sa chatagóir seo i 2008 agus dá thoradh sin baineadh amach cúig chiontú (agus cuireadh cúiseamh amháin san áireamh) i gcoinne triúr stiúrthóir lena mbaineann. Mar iarmhairt ar a gciontaithe beidh na stiúrthóirí seo dícháilithe anois ar feadh tréimhsí a mhairfidh ó dhá bhliain go cúig bliana. Ar mhaithe le páirtithe leasmhara cuideachta a chosaint agus d'fhoill macántacht chóras an tsrianta a neartú leanfaidh an Oifig ar aghaidh leis an monatóireacht féachaint an bhfuil daoine atá dícháilithe nó srianta ag comhlíonadh cheangail an dlí;
- gníomhú mar iniúchóir le linn bheith neamhcháilithe. I 2008 d'ionchúisigh OSFC go rathúil duine aonair amháin i ndáil leis na cúig chúiseamh uile a bhí os comhair na Cúirte. Bhí a mhacasamhail de cás fós ar siúl ag deireadh na bliana. Maidir le ráitis airgeadais cuideachta is é tuairim OSFC go bhfuil sé den tábhacht

nach gcuirfeadh staid na ráiteas sin creidiúnaithe agus páirtithe leasmhara eile amú go háirithe in imthosca ina gcuirtear in iúl go hearráideach gur iniúch duine cáilithe na ráitis. Tugann OSFC iniúcháirí neamhcháilithe os comhair na Chúirte chun an baol seo a shrianadh agus chun muinín úsáideoirí ráiteas airgeadais as inchreiditheacht na ráiteas sin a láidriú;

- loiceadh maidir le leabhair chuí chuntas a choinneáil. D'ionchúisigh OSFC ceithre cinn de na cásanna seo i 2008 agus dá thoradh sin baineadh amach seacht gciontú i ndáil le cuideachtaí agus stiúrthóirí. Is é an fáth go n-áitíonn OSFC a thábhachtaí is atá sé go gcoinneodh cuideachtaí agus stiúrthóirí taifid agus córas cuntasaíochta dóthanach go gcuidíonn na nithe sin le lucht gnó chun léiriú cruinn a choimeád ar staid na cuideachta ó thaobh airgeadais de;
- faisnéis bhréagach a sholáthar. D'ionchúisigh an Oifig go rathúil i 2008 cás a bhain le faisnéis bhréagach de chineál ábhartha a sholáthar don OCC. I **Léiriú 3.2.1** thíos pléitear imthosca an cháis.

Imeachtaí Forfheidhmithe eile

Bhí baint ag OSFC le ceithre imeacht eile; bhain suntas áirithe le dhá ceann. I gceann amháin chuir OSFC isteach ar na himeachtaí chun cuireadh a thabhairt go hómósach don Ard-Chúirt duine nó níos mó a dhícháiliú dá deoin féin, dá mb'fhéidir sin, ag éirí as imeacht rathúil a bhain le déileáil chos istigh a thionscain Fyffes plc i gcoinne DDC plc agus roinnt páirtithe eile. Ní dhearna an Chúirt é sin áfach roimh an am a cuireadh na himeachtaí déileála chos istigh i gcrích. Ina dhiaidh sin áfach thionscain an Stiúrthóir iarratas rathúil dá chuid féin ar Imscrúdú Ard-Chúirte ar dhéileálacha áirithe le scaireanna i DCC plc agus in dhá chuideachta eile.

Bhain an dara cás le heisiúint chostas in achomharc rathúil a rinne stiúrthóir cuideachta dócmhainneach i gcoinne srianta a cuireadh air san Ard-Chúirt. Féach ar **Léiriú 4.1.1** sa chéad rannán eile den Tuarascáil.

Cásanna Forfheidhmithe

In **Aguisín 3.4** cuirtear faisnéis staitistiúil ar fáil maidir le láimhdeachas na gcásanna coiriúla i 2008. Rinne OSFC gníomhaíocht chomhbheartaithe i rith na bliana chun nach mór 260 cás nach raibh aon mhaitheas inmharthana acu ó thaobh ionchúisimh a dhúnadh; is de bharr sin is féidir le OSFC anois aird a dhíriú ar líon beag cásanna agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Bhí thart ar 125 chás idir lámha aici ag deireadh na bliana; ba iad na 75 chás nua a fuarthas i 2008 a bhformhór sin.

Leagtar amach in **Aguisín 3.5** catagóirí ginearálta na gcionta sna 75 chás nua. Bhain an chuid is mó de na cásanna le daoine ar líomhnaíodh gur ghníomhaigh siad mar iniúchóir nó mar stiúrthóir tráth a raibh cosc orthu é sin a dhéanamh agus le cuideachtaí ar chlis orthu leabhair chuí chuntais a choinneáil.

Fo-Aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a Chur Chun Cinn

Choinnigh an Oifig leis i 2008:

- ag cabhrú leis na daoine ar mhian leo dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh .i. formhór na ndaoine agus
- ag cur in aghaidh mhí-iompar na ndaoine ar bhaolach go ngéillfeadh siad don chathú gan dlí na gcuideachtaí a chomhlíonadh.

Ag brath ar chineál an chiona agus ar a thromchúisí is atá an mí-iompar atá curtha in iúl, bíonn cur chuige céimneach ag OSFC maidir lena fhreagrachtaí rialúcháin ó:

- réiteach a bhaint amach maidir le mainneachtain, go
- caingean forfheidhmithe OSFC de chineál áirithe a thionscnamh, go
- cion indíotáilte a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le go ndéanfar cinneadh faoi ar chóir an cás a thriail os comhair breithimh agus giúiré.

Is é toradh an chur chuige rialúcháin srathach seo nach dtéitear i mbun caingean dlí fhoirmeálta ach i mionlach de chásanna. Tá an Stiúrthóir ag dréim leis go leanfar chomh fada ar aghaidh agus is féidir a thuar leis an gcur chuige ginearálta seo agus le cibé mion-choigeartuithe is gá a dhéanamh i gcás forbairtí cáis le himeacht aimsire.

Fo-Aidhm 3.2: Ag Seasamh le Ceangail um Nochtadh

Tá sé de cheangal ar dhaoine a thairbhíonn de ionchorprú agus de phribhléid an dliteanaís theoranta faoi Achtanna na gCuideachtaí cloí le dualgais agus le hoibleagáidí iarmhartacha áirithe. Orthu sin tá na ceangail a leanas:

- go mbeidh cuideachtaí a thrádálann sa Stát cláraithe,
- go gcoinneofar sonraí áirithe cuideachta, (m.sh., an áit a bhfuil an oifig chláráithe lonnaithe, ainmneacha na stiúrthóirí, etc.) chun dáta agus
- go mbeidh faisnéis faoi fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin na cuideachta cruinn agus go dtabharfar chun dáta iad go pras.

Tá sé d'aidhm ag na ceangail seo go mbeidh trédhearcacht sa mhargadh sa chaoi is gur féidir leis na baill, le creidiúnaithe agus le páirtithe leasmhara eile cinneadh feasach a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le dul i bpáirtíocht leis an eintiteas trí scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chláráithe atá ar fáil san OCC.

Arís i 2008 bhí mainneachtanaí cosúil le loicadh cuideachtaí agus stiúrthóirí cuideachtaí leabhair chuí chuntas a choinneáil le sonrú ar chlár oibre OSFC agus ionchúisíodh ceithre chás go rathúil agus ciontaíodh ceithre chuideachta agus beirt stiúrthóir de thoradh sin.

Cion is féidir bheith i bhfad níos tromchúisí is ea falsú doiciméad agus taifead cuideachta. Tá cúlra ciontaithe a baineadh amach in Aibreán 2008 i gcoinne duine a d'iarraigh a chomhstiúrthóir a dhíbirt ó chuideachta bheag trí thuairisceán bliantúil falsa a chlárú leis an OCC léirithe i **Léiriú 3.2.1.**

Léiriú 3.2.1: Faisnéis Fhalsa a thabhairt do Chláráitheoir na gCuideachtaí

Ba é cúlra an cháis seo go bhfuair OSFC gearán ó stiúrthóir cuideachta darb ainm Gortlee Stores Limited inar líomhnaíodh gur chuir foirm 'B10' a bhí cláraithe in OCC in iúl go bréagach go raibh sí éirithe as mar stiúrthóir na cuideachta.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh chruthaigh OSFC don Chúirt ábhartha gurbh é ba chúis leis an chlárú litir a scríobh an stiúrthóir gearánaí mar dhea chuig chomhairleoirí gairmiúla na cuideachta ag rá go raibh sé ag éirí as oifig. Bhí an Chúirt sásta áfach gur bhrionnagh an cosantóir, an tUasal Patrick McFadden, síniú an ghearánaithe d'fhonn a pháirtí sa ghnó a dhíbirt go mídhleathach as a post mar stiúrthóir.

Tar éis dó pléadáil ciontach ar an aon chúiseamh amháin chiontaigh an Chúirt an tUasal McFadden agus ghearr fineáil de €500 air.

Fo-Aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe a Dhéanann Neamhaird de Leasanna Cuideachta nó de Leasanna Nach Iad

Ar chúiseanna a bhaineann le cosaint an phobail, tá roinnt forálacha curtha in Achtanna na gCuideachtaí a chuireann bac ar dhaoine neamhcháilithe nó dícháilithe gníomhú mar iniúcháirí, stiúrthóirí nó leachtaitheoirí cuideachta nó gníomhú go ginearálta nó i gcúinsí sainithe áirithe. Mar a luaitear thuas d'ionchúisigh OSFC go rathúil cúigear dhuine faoin gceannnteideal ginearálta seo i 2008.

Ar mhaithe le creidiúnaithe cuideachta agus le páirtithe leasmhara eile ní mór do stiúrthóirí cuideachta sócmhainní a gcuid cuideachtaí a chaomhnú agus toirmisctear sa dlí go sonrach iasachtaí iomarcacha a thabhairt as na sócmhainní sin do stiúrthóirí agus do dhaoine bainteacha eile. Tugadh chun suntais i dTuarascálacha Bliantúla OSFC roimhe seo an obair shuntasach a rinne OSFC sa réimse seo in imeacht na mblianta. Tá Treoir mhionsonraithe faoi Idirbhearta a mbíonn Stiúrthóirí páirteach iontu ar fáil i gcónaí ag www.odce.ie.

Mar a luaitear thuas ba i 2008 a ionchúisíodh ar díotáil den chéad uair riamh stiúrthóir cuideachta as sócmhainní cuideachta a úsáid go feasach de sháru ar na srianta dlíthiúla infheidhme. Pléitear i **Léiriú 3.3.1** a leanas na himthosca a bhaineann le ciontú ábhartha na Cúirte Cuarda.

Léiriú 3.3.1: Stiúrthóir a Ionchúiseamh ar Díotáil as Iasachtaí Iomarcacha a bhaint dá Chuideachta go feasach

I mí Iúil phléadail Stuart Fogarty, stiúrthóir Aubrey Fogarty Associates Ltd (“AFA”), ciontach i 16 chúiseamh faoi leith gur údaraigh sé nó gur cheadaigh sé don chuideachta suimeanna a thabhairt ar iasacht dó nuair a bhí a fhios aige nó nuair a bhí cúis réasúnach aige le creidiúint go raibh an chuideachta ag briseadh an dlí dá chionn sin. Shíl an Chúirt go raibh na cúisimh cruthaithe agus thug don chosantóir sochar an Achta um Promhadh Ciontóirí 1907 agus chaith amach na cúisimh tar éis a thabhairt dá haire gur thug sé €3,000 do charthanas.

I Nollaig 2005, thuairiscigh iniúchóirí AFA do OSFC gur thairbhig an tUasal Fogarty d’iasachtaí suntasacha ón gcuideachta in athuair de sháru ar an dlí infheidhme.

Tar éis imscrúdú a dhéanamh thionscain OSFC imeachtaí achomaire i gcoinne an Uasail Fogarty i lár na bliana 2007. Bhí na himeachtaí ann chun cinneadh a dhéanamh maidir le 13 chúiseamh a bhain le hidirbhearta leithleacha de €426,338 idir Meán Fómhair 2003 agus Nollaig 2005. Bhí an Stiúrthóir den tuairim go raibh imeachtaí achomaire oiriúnach de bhrí gur aisíocadh na hiasachtaí don chuideachta, nach raibh aon dliteanais chánach nár íocadh agus nach raibh aon chaillteanas fulaingthe ag aon pháirtí ag éirí as an sáru ar an dlí.

Mar a tharla dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse sa chás agus is ar díotáil a déileáladh leis. D’ullmhaigh OSFC leabhar na fianaise agus ba é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a d’ionchúisigh an cás. I mBealtaine 2008 phléadail an tUasal Fogarty ciontach; ciontaíodh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil é ar gach ceann de na 13 chúisimh agus gearradh fineálacha de €34,000 air. Ghearr an Chúirt téarma príosúnachta dhá bhliain, curtha ar fionraí air, maidir le ceann amháin de na cionta agus d’ordaigh an Chúirt dó ina dhiaidh sin 240 uair an chloige de Sheirbhís Phoiblí a dhéanamh maidir le dhá cheann eile.

De bhrí gur ciontaíodh an tUasal Fogarty ar díotáil i gcion a bhain le cuideachta mheasfaí é bheith dícháilithe faoi Alt 160(1) d’Acht na bliana 1990 ar feadh tréimhse cúig bliana mura n-athródh an Chúirt an tréimhse sin ar iarratas an ionchúisitheora. Ar iarratas ón SIP a rinneadh le tacaíocht ó OSFC, dhícháiligh an Chúirt an tUasal Fogarty ar feadh sé mhí ó 28 Bealtaine go 27 Samhain 2008. D’éirigh an tUasal Fogarty as bheith ina stiúrthóir ar thart ar 20 cuideachta ar feadh na tréimhse atá i gceist de thoradh an cháis.

Fo-Aidhm 3.4: Ag Gníomhú i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Cuntasacht faoin Dlí

Coinníonn an Stiúrthóir leis go seasta ag ionchúiseamh cásanna ina mbíonn stiúrthóirí cuideachta ag tabhairt neamhaird ar an dlí de shíor. Tá cur síos i **Léiriú 3.4.1** a leanas ar aon chás dá leithéid a thionscain OSFC i 2003. Cé gur chlis ar achomharc OSFC i mBealtaine 2008 is díol

suntais an léiriúchán a thug Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar an bhfrása “*persistently in default in relation to the relevant requirements*” in Alt 160(2)(f) d’Acht na bliana 1990 agus an tacaíocht a thug an breithiúnas do thuairim OSFC gur fiú bacadh a chur san áireamh mar uirlis dhlíneach tráth a mbíonn rogha le déanamh ag an gCúirt in iarratas ar dhícháiliú.

Léiriú 3.4.1: Imeachtaí Dícháilithe i gcoinne Stiúrthóirí a rinne mainneachtanaí de shíor (“*persistently in default*”)

B’iad imthosca an cháis gur chlis ar stiúrthóirí Wood Products (Longford) Limited, Patrick McGowan agus Patricia McGowan, tuairisceán bliantúil a gcuideachta a chlárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí ó 1991 go 2003. De thoradh an loicthe seo a bhí imithe in ainseal baineadh an chuideachta den Chlár agus díscaoileadh í i 1999.

I mBealtaine 2001 cuireadh an chuideachta ar ais ar an gClár trí ordú na hArd-Chúirte. Chuir an tOrdú de cheangail ar na stiúrthóirí gach tuairisceán bliantúil maille le tuairisceáin áirithe chánach nár tugadh ar aird go dtí sin a chur ar fáil. Chinn ar na stiúrthóirí an tOrdú sin a chomhlíonadh.

I Samhain 2003 thionscain OSFC imeachtaí dícháilithe i gcoinne an beirt stiúrthóirí faoi inter alia Alt 160(2)(f) ar an bhforas go ndearna siad “mainneachtanaí de shíor maidir leis na ceangail ábhartha” (“*persistently in default in relation to the relevant requirements*”). Ina dhiaidh sin chláraigh na Freagróirí na tuairisceáin bhliantúla agus chánach a bhí i gceist; d’éirigh Patricia McGowan as mar stiúrthóir agus ceapadh stiúrthóir eile ina háit.

I mí Feabhra 2005 tháinig an Ard-Chúirt ar an tuairim nárbh fhéidir a rá go raibh na Freagróirí ag déanamh mainneachtana de shíor toisc nach d’ainneoin idirghabháil na gCúirteanna ar níos mó ná ócáid amháin a tharla an neamhghníomh. Ba é tuairim na Cúirte dá réir nár chóir na Freagróirí a dhícháiliú.

Ar achomharc, chinn an Chúirt Uachtarach freisin, i mBealtaine 2008, gan na Freagróirí a dhícháiliú ar an mbonn nach ndéanfadh an dícháiliú aon mhaitheas ag an bpointe sin agus gur rídhoigh go ndéanfadh sé dochar do ghnó na cuideachta. Ach bhí an Chúirt den tuairim inter alia:

- gur chlis ar na Freagróirí ar feadh 13 bhliain a n-oibleagáidí faoin dlí maidir le tuairisceáin forordaithe a chlárú leis an gCláraitheoir a chomhlíonadh. Ba chion coiriúil gach faillí. Sháraigh siad arís is arís eile oibleagáid shainordaitheach a bhí orthu mar stiúrthóirí cuideachta agus rinne siad cionta coiriúla dá réir. Chomh maith leis sin chlis orthu Ordú ón Ard-Chúirt a chomhlíonadh. Níor bheag san chun an choinníoll faoin Acht maidir le “mainneachtana a dhéanamh de shíor” (“*persistently in default*”) a shásamh;
- cé nach é príomhaidhm an dícháilithe daoine a phionósú ach an pobal a chosaint ba chóir go mbeadh roinnt den bhacadh sa rogha a dhéanann an Chúirt. Is cuid den pholasaí in Alt 160 go bhfeabhsófaí an rialachas corparáideach. Is mó ná riamh atá na Cúirteanna ag éirí airdeallach agus is lú ná riamh atá siad fulangach maidir le caighdeáin róscaoilte agus maidir le neamhaird ar an dlí.

Conclúid

Bhí méadú ar líon na gciontuithe agus na ndícháilithe a bhain an Chúirt amach i 2008 agus rinne an Chúirt roinnt cinntí i ndáil le himeachtaí forfheidhmithe dhlí na gcuideachtaí nach ndearnadh riamh cheana.

Ag deireadh na bliana bhí líon suntasach de chásanna ar na bioráin ag an Oifig agus is léir go mbeifear gnóthach sa bhliain atá amach romhainn ag iarraidh mí-iompar corparáideach braite a ionchúiseamh. Tabharfaimid aghaidh ar bhonn leanúnach ar shaincheisteannta tosaíochta i réimse dhlí na gcuideachtaí a chuireann bac ar an trédhearcacht, a chuireann iompar cothrom sa chaidreamh tráchtála idir pháirtithe leasmhara i mbaol agus a bhaineann an bonn den mhuinín sa mhargadh.